C/2026/5021

25.9.2026

Fógra le haghaidh an duine atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2024/2643 ón gComhairle, arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/2164 ón gComhairle, agus i Rialachán (AE) 2024/2642 ón gComhairle, arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2165 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise

(C/2026/5021)

Dírítear aird an duine a luaitear san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh (CBES) 2024/2643 ón gComhairle ([1]), arna leasú le Cinneadh (CBES) 2026/2164 ón gComhairle ([2]), agus in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642 ón gComhairle ([3]), arna chur chun feidhme le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2026/2165 ón gComhairle ([4]) a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise, ar an bhfaisnéis seo a leanas.

Tá cinneadh déanta ag Comhairle an Aontais Eorpaigh gur cheart an duine sin a áireamh ar liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach dá bhforáiltear i gCinneadh (CBES) 2024/2643 agus i Rialachán (AE) 2024/2642 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise ghníomhaíochtaí díchobhsaitheacha na Rúise. Tugtar na forais leis an duine sin a ainmniú san iontráil ábhartha sna hIarscríbhinní thuasluaite.

Cuirtear in iúl don duine sin gur féidir iarratas a dhéanamh chuig údaráis inniúla an Bhallstáit ábhartha nó na mBallstát ábhartha, mar a léirítear ar na suíomhanna gréasáin a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) 2024/2642, chun údarú a fháil le cistí reoite a úsáid chun freastal ar riachtanais bhunúsacha nó chun íocaíochtaí sonracha a dhéanamh (cf. Airteagal 3 den Rialachán).

Féadfaidh an duine lena mbaineann iarraidh ar athbhreithniú an chinnidh í a áireamh ar an liosta thuasluaite, mar aon le doiciméadacht tacaíochta, a chur faoi bhráid na Comhairle, ag an seoladh seo a leanas:

Comhairle an Aontais Eorpaigh
An Ardrúnaíocht
RELEX.1
Rue de la Loi/Wetstraat 175
1048 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË
ríomhphost: sanctions@consilium.europa.eu

Chun go mbreithneofar iarraidh i gcomhthéacs an athbhreithnithe leanúnaigh, ba cheart í a chur isteach **roimh an 2 Deireadh Fómhair 2026**.

Cuirtear in iúl don duine lena mbaineann freisin gur féidir an cinneadh ón gComhairle a chonspóid os comhair Chúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh, i gcomhréir leis na coinníollacha a leagtar síos in Airteagal 275, an dara mír, agus in Airteagal 263, an ceathrú agus an séú mír, den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh.

([1]) IO L, 2024/2643, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2024/2643/oj.
([2]) IO L, 2026/2164, 24.9.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2026/2164/oj.
([3]) IO L, 2024/2642, 9.10.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2024/2642/oj.
([4]) IO L, 2026/2165, 24.9.2026, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2026/2165/oj.